



An  
Bord  
Pleanála

## Clár oibre na hÉisteachta ó Bhéal agus Ord na nImeachtaí

ABP-311059-21

|                    |   |
|--------------------|---|
| <b>Dáta</b>        | 14 Nollaig 2021   |
| <b>Am Tosaithe</b> | 10am  |
| <b>Suíomh</b>      | Físghlao Comhdhála  |
| <b>Cás</b>         | 1,365 uimh. aonad cónaithe (346 uimh. teach, 1,019 uimh. árasán), creis agus oibreacha láithreáin gaolmhara ag An Corrbhaile Thoir, Domhnach Bat, Co. Bhaile Átha Cliath. |

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a sholáthar do gach rannpháirtí, ar mian leo, tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh seachas na cinn scríofa atá déanta cheana féin, agus deis a thabhairt don Chigire soiléiriú a dhéanamh ar aon ábhar pleanála nó aighneacht a fuarthas. Beidh deis ag na páirtithe ceisteanna a chur nó soiléiriú a fháil ar aighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht.

Ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas;

- Níl dualgas dá laghad ar aon rannpháirtí aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile. Déanfaidh an Chigire agus an Bord machnamh ar gach aighneacht scríofa a fuarthas cheana féin. Dá bhrí sin níor chóir athrá a dhéanamh ag an éisteacht ar aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn cheana.
- Má bheartaíonn tú cóipeanna scríofa de d'aighneachtaí a chur ar fáil, ní ghlacfar leo ach amháin má bhíonn cóipeanna ar fáil do rannpháirtithe uile na héisteachta. Ba chóir dhá chóip d'aon doiciméad scríofa a chur isteach le haghaidh chomhad an Bhoird.

- Tá clár oibre agus ord láithris na héisteachta ó bhéal leagtha amach thíos, mar aon le clár ama. Ba cheart do rannpháirtithe a chur san áireamh gur clár ama táscach amháin é seo, agus gur féidir go n-athrófar é i gcúrsa na héisteachta ó bhéal.
- Ag deireadh na héisteachta, ullmhóidh an Cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás le cur faoi bhráid an Bhoird. Is é an Bord a chinnefidh cibé an ndeimneofar an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó an gcuirfear ar neamhní é.

## Clár Oibre

Ina aighneacht don éisteacht iarratar ar an iarratasóir díriú ar na nithe seo a leanas:

1. Soiléiriú agus mionléiriú maidir le hidirghníomhaíocht na forbartha beartaithe le líne Iarnróid Bhéal Feirste agus na claífoirt nua atá ann agus atá beartaithe tar éis aon leathnú ar an líne iarnróid chun freastal ar an Síneadh atá beartaithe ar an Dart.
2. An fhéidearthacht maidir le tionchair amhairc agus an riachtanas le haghaidh anailíse agus cosaint níos mionsonraithe maidir leis an rogha dearaidh atá beartaithe do na hárasáin siar ó dheas ón láithreán, áit a bhfuil infheictheacht na mbloc árasán 6 agus 8 atá beartaithe agus an urláir uachtaraigh ar bhloic 4 agus 5 follasach ach go háirithe, agus a bhféadfadh drochthionchar a bheith aige ar radhairc chosanta mar atá mínithe i bPlean Forbartha Fhine Gall

Ina aighneacht chuig an éisteacht iarrtar ar an iarratasóir breithniú a dhéanamh, inter alia, ar na nithe seo a leanas:

- Maidir le Mír 1, tugann an Bord dá aire go bhfuil an láithreán ábhair suite cóngarach don líne iarnróid ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste, a shainaithnítear le haghaidh oibreacha feabhsúcháin sa todhcháí, lena n-áirítear leathnú an líonra DART. D'fhéadfadh sé go bhféadfadh gaireacht na struchtúr agus an bhonneagair atá beartaithe don fhorbairt, lena n-áirítear Foirgneamh Úsáid Measctha 02 agus an ghné bhogaigh tanúcháin 'Dobharcheantar A' laistigh den Pháirc Dúlra, cur isteach ar chobhsaíocht nó leathnú an chlaífoirt iarnróid / bhonneagar líne iarnróid a chumasú. . Meastar go bhfuil cosaint na líne iarnróid seo ina cuid dhílis d'fhás inbhuanaithe Dhomhnach Bat agus bailte níos faide ó thuaidh (ag tabhairt faoi deara go n-áirítear ar phríomhchumasóirí fáis an NPF do Bhaile Átha Cliath príomhthionscadail iarnróid mar leathnú DART a sheachadadh), agus léirítear é seo i Roinn 8 den Phlean Limistéir Áitiúil Dhomhnach Bat agus i gCuspóir DHOMHNACH BAT 12 de Phlean Forbartha Contae Fhine Gall 2017-2023 a bhaineann le seirbhísí iarnróid feabhsaithe a chur chun cinn.
- Tugann an Bord dá aire nach ndéantar aon tagairt san EIAR faoi thionchar féideartha ar oibriú sábháilte na líne iarnróid nó ar leathnú na líne iarnróid. Ar

an gcaoi chéanna, ba cheart go léireodh an NIS aon leasuithe nó rioscaí féideartha, de réir mar is infheidhme. Iarrtar ar an iarratasóir an t-ábhar seo a shoiléiriú, agus a chinntiú go ndéantar gach saincheist ábhartha agus gach tionchar féideartha agus nuair is cuí maolú beartaithe a mheas san EIAR nó san NIS, de réir mar is cuí.

- Maidir le mír 2, tugann an Bord dá aire go sainathníonn an beartas pleanála áitiúil i gCaibidil 9 de Phlean Forbartha Contae Fhine Gall cáilíocht tírdhreacha eisceachtúil don limistéar ina bhfuil an láithreán ábhair suite, agus éilíonn Cuspóir 5.2 de Phlean Limistéir Áitiúil Dhomhnach Bat cosaint do na radharcanna a sainathníodh sa Phlean Forbartha, lena n-áirítear radhairc ó dheas ón láithreán feadh bhóthar Bhailtíní an Chorrbaile agus tadhach leis an bPáirc Dúlra beartaithe, mar a shainathnítear i mbileog 7 de na léarscáileanna criosaithe don phlean. Tugann an fhorbairt a bheartaítear isteach tíopeolaíocht tithíochta atá an-infheicthe.
- Iarrtar ar an iarratasóir mionléiriú a dhéanamh i dtéarmaí an tionchair amhairc seo, agus leathnú a dhéanamh ar réasúnaíocht dearaidh, ar chosaint agus ar oiriúnacht na scéime i dtéarmaí dearaidh, scála agus mais siar ó dheas ón láithreán, áit a bhfuil infheictheacht na mbloc árasán 6 agus 8 atá beartaithe agus an urlár uachtarach ar bhloic 4 agus 5 follasach ach go háirithe. Ba cheart go bhféachfaí i mionsaothrú agus leathnú na réasúnaíochta dearaidh agus aon doiciméid bhreise de mheasúnaithe tionchair amhairc do Chuspóir NH34, Cuspóir NH35, Cuspóir NH36, Cuspóir NH37, Cuspóir NH38, Cuspóir NH40 agus go sonrach Cuspóir Áitiúil 40 de Phlean Forbartha Contae Fhine Gall 2017-2023 maidir le tírdhreacha íogaire a chosaint, Cuspóir 5.2 de Phlean Limistéir Áitiúil Dhomhnach Bat maidir le radhairc chosanta, chomh maith le SPPR 3 agus na critéir a thuairiscítear i gcuid 3.2 de Alt 28 um Fhorbairt Uirbeach agus Airde Foirgníochta, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2018).
- Tabhair faoi deara gur cheart aon anailís bhreise nó mionléiriú breise ar shaincheisteanna maidir le mír 1 nó 2, a mheas i gcomhthéacs an EIAR agus an NIS a cuireadh isteach agus a idirghníomhaíochtaí féideartha le saincheisteanna eile laistigh den EIAR agus/nó NIS, agus ba chóir go

mbeadh aon aguisíní riachtanacha don EIAR nó don NIS mar chuid den phlé / aighneacht ag an Éisteacht ó Bhéal .

## Ord na nImeachtaí

| Dé Máirt 14 Nollaig  |  |
|----------------------|--|
| Am                   | Topaic   |
| 10AM                 | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Oscailt na héisteachta ó bhéal</li> </ul>   |
|                      | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Iarratasóir:               <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Achoimre ar an bhforbairt atá beartaithe (10 nóim. ar a mhéad)</li> <li>○ Freagra ar cheisteanna a tarraingíodh anuas ar an gclár oibre teoranta</li> </ul> </li> </ul> |
|                      | <ul style="list-style-type: none"> <li>• An t-údarás pleanála               <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Pointí le tarraingt anuas ar mhíreanna den chlár oibre teoranta</li> </ul> </li> </ul>  |
|                      | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Daoine a bhfuil tuairim acu               <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Pointí le tarraingt anuas ar mhíreanna den chlár oibre teoranta</li> </ul> </li> </ul>   |
| <b>13:00 – 14:00</b> | <b>Sos</b>   |
| 2PM                  | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ceistiú idir na páirtithe</li> </ul>  |
|                      | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ráitis deiridh san ord seo a leanas:               <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Daoine a bhfuil tuairim acu</li> <li>○ An t-údarás pleanála</li> <li>○ An tIarratasóir</li> </ul> </li> </ul>                                   |
|                      | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Dúnadh na héisteachta ó bhéal</li> </ul>  |

## Cúrsaí Eile

Meabhraítear do pháirtithe san iarratas go bhfuil an éisteacht deartha chun tuilleadh mínithe, plé agus scrúdú riachtanach a dhéanamh ar shaincheisteanna ábhartha a bhaineann leis na hábhair a bhfuil cuntas orthu sa Chlár Oibre teoranta agus ní cheadóidh siad aon phlé ar aon cheisteanna eile lasmuigh den chlár oibre. Ba chóir go mbeadh aighneachtaí gonta agus nach bpléifí iontu ach na hábhair ábhartha mar atá mínithe thuas. Sa chás go ndéantar tagairt do léarscáileanna / léaráidí / íomhánna in aighneachtaí, ba cheart go mbeadh siad seo ar fáil le taispeáint agus ba chóir go mbeadh siad ar scála a chinntíonn go bhfuil siad inléite ag cách ag an Éisteacht.

Tar éis do pháirtí ar leith aighneacht a chur i gcrích ar na hábhair áirithe mar atá leagtha amach sa chlár oibre, féadfaidh an Cigire ceisteanna ábhartha agus croscheistiú a éascú.

Féadfaidh an Cigire dá rogha féin plé a stiúradh ar ábhair eile a bhaineann go díreach le hábhair ar an gclár oibre, mar oiriúnacht na gcoinníollacha chun déileáil le hábhair a thagann chun cinn, dá mbeadh sé ar intinn ag an mBord cead pleanála a thabhairt don fhorbairt bheartaithe.

Féadfaidh an Cigire dá rogha féin cuireadh a thabhairt do ráitis deiridh, más gá, tabharfar cuireadh dóibh san ord seo a leanas. Tabharfaidh na Páirtithe faoi deara nach féidir aon argóintí dlí, ábhar nua nó saincheisteanna seachas iad siúd a bhaineann leis an gclár oibre teoranta a thabhairt ar aird nó tagairt a dhéanamh dóibh ag an bpointe seo agus ba cheart go mbeadh siad teoranta do 5 nóiméad.

1. Daoine a bhfuil tuairim acu
2. An t-údarás pleanála
3. An tIarratasóir

**NÓTA:** Iarrtar ar rannpháirtithe dóthain cóipeanna d'aon doiciméad scríofa a chuirtear isteach ag an éisteacht a chur ar fáil do gach páirtí (2 chóip ar a laghad do gach páirtí agus 3 chóip don Bhord).

Tabhair faoi deara freisin go ndéanfar taifeadadh digiteach den fhianaise a tugadh ag an éisteacht.

---

**Rachel Gleave O'Connor**  
**An Chigireacht**  
**3 Nollaig 2021**